Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Aibreán 2026
(OR. en)

8146/26
ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0075 (NLE)

POLCOM 131

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Aibreán 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 130 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste CETA a bunaíodh faoin gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh maidir le comhábhair ghníomhacha chógaisíochta a áireamh mar na táirgí íocshláinte nó mar na drugaí a liostaítear i mír 2 d’Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt don chlár comhlíontachta agus forfheidhmiúcháin i ndáil le dea-chleachtais mhonaraíochta le haghaidh táirgí cógaisíochta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 130 annex.

Faoi iamh: COM(2026) 130 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.4.2026
COM(2026) 130 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste CETA a bunaíodh faoin gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh maidir le comhábhair ghníomhacha chógaisíochta a áireamh mar na táirgí íocshláinte nó mar na drugaí a liostaítear i mír 2 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt don chlár comhlíontachta agus forfheidhmiúcháin i ndáil le dea-chleachtais mhonaraíochta le haghaidh táirgí cógaisíochta**

**IARSCRÍBHINN**

Dréacht

**CINNEADH Uimh. …/2026 Ó CHOMHCHOISTE CETA**

**an [dáta]**

**a mhéid a bhaineann le comhábhair ghníomhacha chógaisíochta a áireamh mar na táirgí íocshláinte nó mar na drugaí a liostaítear i mír 2 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt don chlár comhlíontachta agus forfheidhmiúcháin i ndáil le dea-chleachtais mhonaraíochta le haghaidh táirgí cógaisíochta**

TÁ COMHCHOISTE CETA,

Ag féachaint d'Airteagal 26.1 den *Chomhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile*, arna dhéanamh sa Bhruiséil an 30 Deireadh Fómhair 2016 ('an Comhaontú'),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Faoi fhorálacha Airteagal 30.7.3(a), tá an Comhaontú á chur i bhfeidhm go sealadach ó bhí an 21 Meán Fómhair 2017 ann.

(2) Foráiltear le hAirteagal 26.1.5(c) den Chomhaontú go bhféadfaidh Comhchoiste CETA leasuithe a mheas nó a chomhaontú mar a fhoráiltear sa Chomhaontú.

(3) Foráiltear le hAirteagal 30.2(2) den Chomhaontú go bhféadfaidh Comhchoiste CETA a chinneadh na prótacail agus na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú a leasú.

(4) Foráiltear le míreanna 5 agus 6 d'Airteagal 15 den *Phrótacal maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt don chlár comhlíontachta agus forfheidhmiúcháin i ndáil le dea-chleachtais mhonaraíochta le haghaidh táirgí cógaisíochta* (an 'Prótacal') go bhfuil an Grúpa Comhpháirteach Earnála le hathbhreithniú a dhéanamh ar raon feidhme oibríochtúil táirgí íocshláinte nó drugaí faoi mhír 2 d'Iarscríbhinn 1, d'fhonn na táirgí íocshláinte nó na drugaí sin a liostaítear i mír 1 d'Iarscríbhinn 1 a áireamh.

(5) Rinne an Coimisiún Eorpach agus Health Canada meastóireachtaí ar na cláir is infheidhme de chuid Cheanada agus an Aontais maidir le Dea-Chleachtais Mhonaraíochta le haghaidh comhábhair ghníomhacha chógaisíochta agus tháinig siad ar an gconclúid go bhfuil a gcreat rialála agus forfheidhmiúcháin sa réimse sin coibhéiseach lena chéile.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart an Prótacal, ar mholadh ón nGrúpa Comhpháirteach Earnála do Chomhchoiste CETA, a leasú trí chomhábhair ghníomhacha chógaisíochta a áireamh mar tháirgí íocshláinte nó mar dhrugaí a liostaítear i mír 2 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bPrótacal.

(7) Ní gá aon nós imeachta eile faoi dhlíchóras an Aontais Eorpaigh le haghaidh theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Raon feidhme oibríochtúil táirgí íocshláinte nó drugaí

Mír 2 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt don chlár comhlíontachta agus forfheidhmiúcháin i ndáil le dea-chleachtais mhonaraíochta le haghaidh táirgí cógaisíochta, leasófar í mar a leanas:

(a) ag deireadh na hiontrála le haghaidh phointe (f), bainfear an focal 'agus';

(b) ag deireadh na hiontrála le haghaidh phointe (g), cuirfear '; agus' in ionad an lánstad; agus,

(c) i ndiaidh na hiontrála le haghaidh phointe (g), cuirfear isteach an iontráil seo a leanas: '(h) comhábhair ghníomhacha chógaisíochta.'.

*Airteagal 2*

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an gcéad lá den dara mí tar éis do Cheanada fógra i scríbhinn a thabhairt don Aontas Eorpach lena ndeimhnítear go bhfuil a cheanglais agus a nósanna imeachta inmheánacha is gá chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm tugtha chun críche aige.

*Airteagal 3*

Stádas dlíthiúil an leasaithe

Ar theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo, déanfar cuid den Phrótacal den leasú a leagtar amach in Airteagal 1. Aithníonn na Páirtithe, ós rud é go gcuirtear an Comhaontú, lena n-áirítear an Prótacal, i bhfeidhm go sealadach, go gcuirfear an leasú i bhfeidhm go sealadach freisin go dtí go dtiocfaidh an Comhaontú i bhfeidhm.

*Airteagal 4*

Téacsanna barántúla

Déantar an Cinneadh seo a tharraingt suas i ndúblach sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris, agus tá gach ceann de na leaganacha sin chomh barántúil le chéile.

*Thar ceann an Chomhchoiste*
*Na Comhchathaoirligh*